# Treoirlínte don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair – Múinteoir / Éascaitheoir

| Roimh an gCruinniú<br>AFMÁ | |
|---|---|
| **Dualgas na múinteoirí:** | |
| | Obair scoláirí a mheas de réir na nGnéithe Cáilíochta.<br>Breathnú ar shamplaí cuí anótáilte de chuid CNCM mar is gá. (www.curriculumonline.ie)<br>Taifead scríofa a dhéanamh ar an tuairiscín agus ar aon phointe ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach tagairt dó le linn an chruinnithe AFMÁ.<br>Sampla amháin a shonrú, nuair is féidir, do gach tuairiscín, atá le húsáid ag an gcruinniú AFMÁ Sonraí ar shamplaí oibre atá roghnaithe agat le haghaidh plé a chur isteach chuig an éascaitheoir roimh an gcruinniú AFMÁ. |
| **Dualgas an éascaitheora:** | |
| | Samplaí oibre a thagann múinteoirí isteach a bhailiú agus a chóipeáil.<br>Ord reatha a shocrú don chruinniú AFMÁ. |

## Le linn an Chruinnithe AFMÁ

| **Dualgas na múinteoirí:** | |
|---|---|
| | Sampla amháin a chur i láthair ag an leibhéal "Níor chomhlíon na hionchais go fóill".<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpíosa oibre i gcomhar le chéile.<br>Breithiúnas oibiachtúil a dhéanamh ar na píosaí oibre i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta.<br>Díriú ar chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' a ligeann do mhúinteoirí aontú ar na tuairiscíní is fóirsteanaí 'ar an iomlán' don obair atá á plé.<br>An próiseas a leanúint, ar a sheal, i gcomhair sampla ag leibhéal na dutairiscíní eile go léir. |


CC BY NC

| **Dualgas an éascaitheora:** | |
|---|---|
| | Tús a chur leis an gcruinniú trí bhéil a chur ar leanúnchas breithiúnais agus ar chomhthuiscint faoi cháilíocht / chaighdeán foghlama na scoláirí.<br>Tábhacht an chruinnithe a lua i dtaca leis an aiseolas a thabharfar do scoláirí.<br>An plé ginearálta a threorú i dtaca le samplaí oibre agus le tuairiscíní agus nóta a ghlacadh de na cinntí a dhéantar.<br>Iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú ach díriú mar sin féin ar eolas agus ar scileanna gairmiúla a fhorbairt. |

**Tar éis an Chruinnithe AFMÁ**

| **Dualgas na múinteoirí:** | |
|---|---|
| | Meabhrú / athbhreithniú ar an measúnú a rinne siad ar obair a gcuid scoláirí i bhfianaise an chruinnithe AFMÁ.<br>A dtuairiscíní deiridh a sheoladh isteach i gcomhair gach scoláire. |
| **Dualgas an éascaitheora:** | |
| | Tuairisc an Éascaitheora a thiomsú agus a chur ar aghaidh chuig an bPríomhoide.<br>Machnamh a dhéanamh ar nithe a d'oibrigh go maith agus / nó ar rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú sa chéad chruinniú AFMÁ eile.<br>D'fhéadfadh an tÉascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí freisin, dá mba mhaith leo, roinnt dá gcuid samplaí de shaothar scoláirí a chur le taisce samplaí:<br>- chun cabhrú le múinteoirí nua a ionduchtú<br>- chun tacú le cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo<br>- le húsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí agus an caighdeán oibre a baineadh amach á thaispeáint. |

**Déan an cód MF a scanadh chun teacht ar Fhoreann Uirlisí AFMÁ an CNCM**